Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála
National Cyber Security Centre

# Conas do chuntais ar líne a choinneáil slán


## Comhairle ón Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála




Is leabhrán tábhachtach a chabhróidh leat do chuntais ar líne a choinneáil sábháilte é seo. Tá úsáid bainte againn ann as roinnt sainfhocal nach mór duit a bheith ar eolas agat agus cuntais ar líne nó aipeanna fóin chliste á n-úsáid agat. Mínímid na focail sin i ngluais áisiúil ar leathanaigh 9 go 11.

ncsc.gov.ie

## Cén fáth ar cheart dom mo chuntais ar líne a choinneáil slán?



Ba cheart duit do chuntais ar líne a choinneáil slán ionas gur féidir leat faisnéis phríobháideach ar a nós seo a leanas a chosaint:

- do mhionsonraí pearsanta
- do chuntas bainc
- do chuntais meán sóisialta
- do stair cheannaigh.

Nuair a leanann tú an chomhairle sa leabhrán seo, beidh tú in ann:

- do chuntais ar líne a chosaint agus a dhaingniú
- an baol go haiceálfaí thú a laghdú.

## Conas is féidir liom mo chuntais ar líne a dhéanamh slán?

Is féidir leat do chuntais ar líne agus d'aipeanna fóin chliste a dhéanamh níos sláine trí úsáid a bhaint as pasfhocal láidir nó as pasfhrása láidir. Ba cheart pasfhocal nó pasfhrása a bheith ina rún nach bhfuil ar eolas ach agatsa.

Tá siad cosúil le glais a chuireann tú ar rudaí luachmhara. Beidh tú ag iarraidh an glas is láidre is féidir a úsáid chun rudaí luachmhara a choinneáil sábháilte.

## An ionann pasfhocail agus pasfhrásaí?

Is ionann, ach is fusa cuimhneamh ar phasfhocal láidir trí phasfhrása a úsáid.

### Tá 12 charachtar ar a laghad ag pasfhocal láidir – is fearr 14 charachtar nó níos mó.

Maidir le carachtair, **ba cheart** meascán díobh seo a leanas a bheith ar áireamh sa phasfhocal:

- uimhreacha
- litreacha sa CHÁS UACHTAIR agus sa chás íochtair
- saincharachtair amhail !,£,%,*

I gcás pasfhocail, **ná** húsáid na nithe seo a leanas choíche:

- fíorfhocail nó focail atá i bhfoclóir – is fearr iad a chumadh!
- ainmneacha, breithlaethanta, nó seoltaí
- an t-aon ainm úsáideora amháin agus an t-aon phasfhocal amháin le haghaidh níos mó ná cuntas amháin
- patrúin amhail 12345678 nó Éire123

**Déan iarracht é a dhéanamh deacair do haiceálaí buille faoi thuairim a thabhairt ar an bpasfhocal.**



## Tá 3 fhocal ar a laghad ann i bpasfhrása láidir – is fearr 4 fhocal nó níos mó.

Ba cheart na focail a roghnaíonn tú a bheith randamach, **ach** roghnaigh focail a mbeidh tú in ann cuimhneamh orthu go furasta agus a mbeidh sé deacair do dhaoine eile buille faoi thuairim a thabhairt orthu.

Mar shampla, ná roghnaigh 'cluichígalfleadóg' más iad sin do chaithimh aimsire. Tá seans ann go mbeidh sé rófhurasta buille faoi thuairim a thabhairt orthu sin.

Ba cheart meascán de charachtair a bheith ar áireamh i bpasfhrása freisin.

**Is fusa cuimhneamh ar phasfhrása fada ná cuimhneamh ar phasfhocal.**

`isfeArr*pa5fhocAil*fhAda!`



## Ná comhroinn do phasfhocal ná do phasfhrása choíche


Is rún nár cheart a bheith ar eolas ach agatsa é do phasfhocal nó do phasfhrása.

Ná déan dearmad nach n-iarrfaidh ball foirne ó fhíorsheirbhís do chustaiméirí nó ó fhíordheasc chabhrach do phasfhocal, do phasfhrása nó d'uimhir aitheantais phearsanta ort choíche.

**Ní iarrfaidh ach caimiléir do phasfhocal, do phasfhrása nó d'uimhir aitheantais phearsanta.**



## Ná húsáid an t-aon phasfhocal amháin ná an t-aon phasfhrása amháin



Ní mór duit pasfhocail dhifriúla agus pasfhrásaí difriúla a úsáid le haghaidh gach ceann de do chuntais thábhachtacha ar líne agus de d'aipeanna tábhachtacha. Cuirfidh sé sin bac ar haiceálaí dul isteach i do chuntais thábhachtacha eile má fhaigheann sé amach ceann amháin de do phasfhocail nó de do phasfhrásaí.


## Roinnt cineálacha cur chuige nua i leith slándáil cuntais

## Cad is bainisteoir pasfhocal ann?

Is é is bainisteoir pasfhocal ann ríomhchlár bogearraí lena gcuirtear ar do chumas pasfhocail láidre a chruthú le haghaidh do chuntas tábhachtach uile agus na pasfhocail sin a stóráil san aon áit amháin ar líne. Tá sé cosúil le taisceadán ar líne.

Oibríonn a lán bainisteoirí pasfhocal le brabhsálaithe Idirlín agus le haipeanna fóin chliste. Leis na ríomhchláir sin, cumasaítear do do ghléas an t-ainm úsáideora agus pasfhocal láidir a líonadh isteach go huathoibríoch.

Má roghnaíonn tú bainisteoir pasfhocal a úsáid, ní bheidh ort cuimhneamh ach ar phasfhocal láidir amháin chun an bainisteoir pasfhocal a rochtain. Tá sé riachtanach go mbeadh **2FA** nó **MFA** curtha air le haghaidh do bhainisteora pasfhocal. Mínímid na téarmaí ar an gcéad leathanach eile agus sa ghluais ar leathanach 10.



## Cad is 2FA agus MFA ann?

Is é is fíordheimhniú dhá fhachtóir (2FA) nó fíordheimhniú ilfhachtóra (MFA) ann modhanna is féidir leat a úsáid chun do chuntais ar líne a dhéanamh i bhfad níos sábháilte.

Smaoinigh air mar dhá ghlas a bheith agat ar do dhoras seachas glas amháin.




**Molaimid duit 2FA nó MFA a úsáid le haghaidh cuntais thábhachtacha agus seirbhísí tábhachtacha.**

Tar éis duit an pasfhocal le haghaidh do chuntais a chur isteach, beidh ort freisin cód a sheoltar chuig d'fhón, d'aip nó do sheoladh ríomhphoist a chur isteach.

Ná comhroinn an cód sin le haon duine choíche.

### Seirbhísí a úsáideann 2FA nó MFA

Tairgeann a lán seirbhísí, amhail MyGov.ie, baincéireacht ar líne agus na meáin shóisialta 2FA nó MFA go huathoibríoch.

## Cad is pas-eochair ann?

**Tá pas-eochracha ag teacht in ionad pasfhocal.**

Le pas-eochair, cuirtear ar do chumas logáil isteach go slán i gcuntais ar líne nó in aipeanna fóin chliste gan aon ainm úsáideora ná aon phasfhocal a chur isteach. Le pas-eochracha, úsáidtear do mhéarlorg nó d'aitheantas aghaidhe ar d'fhón cliste chun an cuntas nó an aip a bhfuil tú ag logáil isteach ann nó inti a dhíghlasáil.



**Nuair a bheidh cuntais nua á gcruthú agat, molfaidh an-chuid díobh go n-úsáidfeá Pas-eochracha nó 2FA nó MFA. Ba cheart duit iad a úsáid.**



**Cad faoi na cuntais ar líne atá agat cheana féin?**

Chun pas-eochracha nó 2FA nó MFA a sheiceáil nó a úsáid, gheobhaidh tú iad sin de ghnáth sna socruithe nó sa rannán slándála den chuntas ar líne nó den aip.

## Dea-leideanna deiridh

1. Dá fhaide do phasfhocal nó do phasfhrása, is amhlaidh is láidre é:
    - úsáid 12 charachtar ar a laghad, ach is fearr 14 charachtar nó níos mó
    - úsáid meascán de charachtair..
2. Ba cheart pasfhocal nó pasfhrása a bheith ina rún nach bhfuil ar eolas ach agatsa – ná tabhair d'aon duine é.
3. Úsáid pasfhocail dhifriúla nó pasfhrásaí difriúla le haghaidh gach ceann de do chuntais thábhachtacha.
4. Úsáid 2FA nó MFA chun do chuntais a dhéanamh slán, nuair atá sé ar fáil.
5. Ná tabhair do chód 2FA nó MFA d'aon duine choíche.





## Focail agus ainmneacha nach mór duit a bheith ar eolas agat agus cuntais ar líne nó aipeanna fóin chliste á n-úsáid agat

| Focail agus ainmneacha | An bhrí |
|---|---|
| Feidhmchlár nó aip | Is ríomhchláir bogearraí atá deartha chun jab ar leith a dhéanamh iad aipeanna. Cuirtear ar do chumas leo tascanna sonracha a dhéanamh ar ghléas móibíleach nó deisce. |
| Fíordheimhniú | Is próiseas lena ndeimhnítear céannacht an úsáideora nó cad atá á dhéanamh ag an úsáideoir é fíordheimhniú. |
| Aip fíordheimhnitheora | Is aip a shuiteálann tú ar d'fhón í aip fíordheimhnitheora. Cruthaítear léi cóid shealadacha a úsáideann tú mar chiseal breise slándála agus tú ag logáil isteach i suíomhanna Gréasáin nó in aipeanna. Féach MFA nó 2FA. |
| Litreacha sa chás íochtair agus sa chás uachtair | I nGaeilge, tá litreacha sa chás íochtair mar a leanas: a, b, c, d, agus mar sin de. Is iad seo a leanas na litreacha sa chás uachtair (a dtugtar 'ceannlitreacha' orthu uaireanta): A, B, C, D, agus mar sin de. |
| Aitheantas Aghaidhe | Is modh chun céannacht duine a aithint nó a dheimhniú trína aghaidh nó trína haghaidh a úsáid é aitheantas aghaidhe. |
| Méarlorg | Is patrúin uathúla atá le feiceáil ar mheallta na méar agus na n-ordóg iad méarloirg. Is féidir le ríomhairí agus le gléasanna móibíleacha iad a úsáid chun daoine a aithint. |
| Haiceáilte | Tá do chuntas haiceáilte nuair atá rochtain ag duine nó ag córas ar do shonraí nó ar do chuntas gan do chead. |

| | |
|---|---|
| Brabhsálaí Idirlín | Is ríomhchlár bogearraí lena gcuirtear ar chumas daoine leathanaigh Ghréasáin ar an nGréasán Domhanda a rochtain é brabhsálaí Idirlín. |
| MFA (Fíordheimhniú ilfhachtóra)<br><br>nó<br><br>2FA (Fíordheimhniú dhá fhachtóir) | Le MFA nó 2FA, úsáidtear d'ainm úsáideora agus do phasfhocal agus píosaí faisnéise eile ar a nós seo a leanas:<br><br>• Uimhir aitheantais phearsanta (féach thíos)<br>• méarlorg<br>• pasfhocal aonuaire (OTP) ó aip fíordheimhnitheora.<br><br>Tabharfaidh sé rochtain duit ansin ar chuntais ar líne. |
| NCSC | An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. |
| OTP (Pasfhocal aonuaire) | Le OTP, fíordheimhnítear thú le haghaidh logáil isteach amháin le pasfhocal nó cód nach féidir leat a athúsáid. |
| Uimhreacha | Is iad seo na digití atá ar do mhéarchlár nó ar d'fhón: 0, 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9. |
| Cuntas ar líne | Is seirbhís ar líne a bhfaigheann tú rochtain uirthi ar an Idirlíon é cuntas ar líne. |
| PIN (Uimhir aitheantais phearsanta) | Is é is PIN ann cód uimhreach a úsáideann tú chun do chéannacht a dheimhniú nuair atá tú:<br><br>• ag logáil isteach i gcuntais ar líne<br>• ag aistarraingt airgid as uathmheaisín bainc<br>• ag déanamh íocaíochtaí cárta creidmheasa. |
| Pas-eochracha | Tá pas-eochracha ag teacht in ionad pasfhocal agus pasfhrásaí. Is modh nua iad chun a chur ar do chumas logáil isteach i do chuntais trí úsáid a bhaint as na gnéithe Aitheantais Aghaidhe nó Méarloirg ar d'fhón chun an logáil isteach a cheadú. |



| | |
|---|---|
| Pasfhrása | Is é is pasfhrása ann pasfhocal atá déanta as focail randamacha. Is fusa cuimhneamh ar phasfhrása ná cuimhneamh ar phasfhocal. |
| Pasfhocal | Is é is pasfhocal ann focal rúnda nó frása rúnda a mbaineann tú úsáid as chun rochtain ar ríomhchóras nó ar ríomhsheirbhís a chumasú. |
| Bainisteoir phasfhocal | Is é is bainisteoir pasfhocal ann ríomhchlár bogearraí lena gcuirtear ar do chumas pasfhocail láidre a chruthú agus a stóráil le haghaidh seirbhísí difriúla ar líne. |
| Caimiléir | Duine a dhéanann airgead trí mhodhanna neamhdhleathacha a úsáid is ea caimiléir. Déanann an caimiléir é sin trí bhob a bhualadh ar dhaoine chun go gcomhroinnfeadh siad a n-ainmneacha úsáideora agus a bpasfhocail. Úsáideann an caimiléir iad sin ansin chun rochtain a fháil ar chuntais ar líne na ndaoine sin. |
| Slándáil ar líne | Is é is slándáil ar líne ann an rud a dhéanann tú chun fanacht sábháilte agus tú ar líne. |
| Aip fóin chliste | Ríomhchlár bogearraí a úsáidtear ar fhóin chliste is ea aip fóin chliste. |
| SMS (Seirbhís gearrtheachtaireachtaí) | Teachtaireacht téacs a fhaightear ar an teileafón is ea SMS. |
| Saincharachtair | Is é is saincharachtair ann eochracha méarchláir nach litreacha ná uimhreacha iad. Is siombailí iad amhail !,£,%,* |
| Fíordheimhniú dhá fhachtóir (2FA) | Is é atá i gceist le fíordheimhniú dhá fhachtóir d'ainm úsáideora agus do phasfhocal agus píosa faisnéise amháin eile amhail PIN, méarlorg nó cód ó aip fíordheimhnitheora a úsáid. Tugann sé sin rochtain ar do chuntas duit ansin. |

## Cá háit ar féidir liom tuilleadh faisnéise a fháil?

Tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála chun faisnéis cothrom le dáta a fháil agus chun teacht ar acmhainní eile a chabhróidh leat do chuntais ar líne a choinneáil slán.

**ncsc.gov.ie**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

An Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála
National Cyber Security Centre